

Ceacht a hAon: Rang 5-6

Nótaí don Mhúinteoir

Sleamhnán 1:

A Mhúinteoir, a chara,

Fearaimid fáilte romhat chuig an gcéad cheann de cheithre cheacht do rang 5-6, atá ar fáil mar chuid de Dhuaisianna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne, 2023.*

Is é Cúnamh Éireann clár cúnamh oifigiúil Rialtas na hÉireann le haghaidh forbairt thar lear. I gclár an Rialtais do chúnamh forbartha thar lear, díritear ar bhaint amach na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe de chuid na Náisiún Aontaithe, agus cuirtear béim ar leith ar an gcomhionannas inscne, ar an ngá le cabhair dhaonnúil a laghdú, ar thacú le gníomhaíochtaí ar son na haeraide, agus ar an rialachas a neartú ar fud an domhain go léir.

Cuireadh Duaisianna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne, ar bun in 2005 chun daltaí bunscoile a spreagadh le foghlaim faoin gcaoi a mbíonn Éire, trí chlár Chúnamh Éireann, ag obair ar na fadhbanna sin in éineacht le heagraíochtaí idirnáisiúnta (amhail na Náisiún Aontaithe agus an tAontas Eorpach), rialtais, eagraíochtaí neamhrialtasacha, agus pobail éagsúla.

Tá áthas an domhain orainn go bhfuil sé beartaithe agat páirt a ghlacadh sna Duaisianna i mbliana. Tá súil againn go mbainfidh an rang taitneamh as na gníomhaíochtaí agus na scéalta san iris agus sna ceachtanna, agus go spreagfar iad chun a saothar féin a chumadh agus a chur isteach lena fhoilsiú in **Gníomhaithe Spriocanna Domhanda, an iris ar líne a bhíonn á scríobh ag leanaí do leanaí.**

SPRIOC DHÁTA D'IONTRÁLACHA LUATHA:

Dé Luain, 13 Feabhra 2023

Beidh deis ag iontrálacha a fhaightear ó scoileanna faoin 13 Feabhra 2023 bosca d'ábhair ealaíne inbhuanaithe a bhuachan.

SPRIOC DHÁTA DEIRIDH:

Dé hAoine, 31 Márta 2023

Tá sonraí breise le fáil ar www.ourworldirishaidawards.ie mar aon le faisnéis ar conas is féidir saothar le daltaí a chur isteach don iris **Gníomhaithe Spriocanna Domhanda**

Tá gach ceacht deartha le haghaidh thart ar 45 nóiméad d'am teagmhála leis an rang. Tá nasc acu leis an gcuiraclam (féach Sleamhnán 2) agus tá siad réidh le húsáid sa seomra ranga. Níl mórán ullmhúcháin le déanamh agat féin ar chor ar bith. Níl le déanamh agat ach na

nótaí don mhúinteoir a léamh (tá na nótaí le fáil ag bun gach sleamhnáin sa ghnáth-amharc) agus dul i dtaithe ar na beochaintí (leis an mód ‘cur i láthair’) roimh an rang.

Ag brath ar an leagan de PowerPoint atá in úsáid agat, b’fhéidir go mbeifeá in ann féachaint ar na nótaí agus an cur i láthair ar siúl. Ná bí buartha mura bhfuil – is féidir pdf de na nótaí sleamhnáin a oscailt agus a phriontáil mar chabhair duit sa rang ar an láithreán gréasáin.

Aithnímid go bhfuil aithne mhaith agat, mar mhúinteoir, ar do chuid daltaí. Mar gheall air sin, is féidir an t-ábhar go léir ar na sleamhnáin a athrú le gur féidir leat athruithe a dhéanamh ar an gceacht lena chur in oiriúint do chomhthéacs agus do riachtanais na leanaí sa rang agat. B’fhéidir go mbeadh sé úsáideach freisin na Treoirínte maidir le Dea-chleachtas a léamh. Tá eolas ann ar an dea-chleachtas maidir le ceachtanna ar an mbochtaineacht agus ar chúrsaí forbartha a theagasc agus tá sé ar fáil ar an láithreán gréasáin freisin.

*Má tá comhghleacaithe leat ag teagasc i rang 3-4, is féidir leat a rá leo go bhfuil ceachtanna atá nasctha le curaclam rang 3-4 le fáil ar www.ourworldirishaidawards.ie

Bíonn ionadh an domhain orainn gach aon bhliain nuair a fheicimid cé chomh cruthaitheach agus nuálaíoch a bhíonn na daltaí agus na múinteoirí ar fud na tíre a ghlacann páirt sna Duaiseanna. Táimid ag súil go mór le bhur gcuid iarrachtaí a fheiceáil i mbliana ar an téama ‘Comhionannas Do Chách’. Ná déan dearmad bhur n-aistear Dhuaiseanna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne, 2022, a chomhroinnt linn **@Irish_Aid / @ourworldirishaidawards** ar na meáin shóisialta leis an haischlib **#ourworldawards**.

Le gach dea-ghuí duit féin agus do na daltaí.

Foireann Dhuaiseanna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne

Sleamhnán 2:

Nótaí don Mhúinteoir (níl aon nótaí ann)

Sleamhnán 3:

Nótaí don Mhúinteoir (níl aon nótaí ann)

Sleamhnán 4: Spriocanna foghlama (3 bheochan i ndiaidh a chéile ag * Clíceáil)

Nóta maidir le híogaireacht: Mar mhúinteoir, tá aithne mhaith agat ar do chuid daltaí. Tá lánchead agat athruithe a dhéanamh ar an gceacht lena chur in oiriúint do riachtanais na leanáí sa rang agat.

Féach na Treoirínte maidir le Dea-chleachtas. Tá eolas ann ar an dea-chleachtas maidir le ceachtanna ar an mbochtaineacht agus ar chúrsaí forbartha a theagasc, agus tá sé ar fáil i roinn na múinteoirí ar an láithreán gréasáin: www.ourworldirishaidawards.ie

* **Clliceáil** chun na spriocanna foghlama don cheacht seo a bheochan, agus léigh gach sprioc amach os ard.

Is é seo an chéad cheacht de chuid Dhuaiseanna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne, 2023. Is bealach atá sna Duaiseanna chun eolas a chur ar Chúnamh Éireann agus chun smaoineamh ar bhealaí inar féidir linne ár gcuid féin a dhéanamh chun na Spriocanna Domhanda a bhaint amach.

Baineann an ceacht seo leis an 'gcomhionannas' agus leis an gcaoi ar féidir linn a bheith ag obair ar son an chomhionannais trí chabhrú chun na Spriocanna Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe a bhaint amach.

Ná bí buartha mura dtuigeann tú céard is comhionannas ann nó murar chuala tú trácht ar na Spriocanna Domhanda roimhe seo. Beidh sé an-soiléir gan mhoill.

An bhfeiceann tú lógó Chúnamh Éireann ag bun an tsleamhnáin ar dheis?

Is cuid de Rialtas na hÉireann é Cúnamh Éireann. Bíonn Cúnamh Éireann ag obair ar son an Chomhionannais do Chách trí bheith ag obair le rialtais eile, le grúpaí éagsúla (grúpaí idirnáisiúnta amhail na Náisiúin Aontaithe nó eagraíochtaí neamhrialtasacha), agus le pobail i dtíortha ar fud an domhain. Beidh tú ag foghlaim níos mó faoi obair Chúnamh Éireann faoi mar a rachaidh tú trí na ceachtanna.

Sleamhnán 5: Gníomhaíocht 1 (Comhionannas do Chách) (3 bheochan ag * Clliceáil)

Cé na focail/frásaí a thagann chun cuimhne nuair a fheiceann tú an focal 'comhionannas'?
[Freagraí féideartha: cothrom, cóir, cearta, deiseanna]

Bailigh aiseolas ó chuid de na daltaí, agus breac síos na freagraí ar an gclár.

* **Clliceáil** chun beochan a sheimn i leagan simplithe d'airteagail 1 agus 2 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine.

Glacadh an Dearbhú in 1948 mar fhreagairt ar an Dara Cogadh Domhanda. 30 airteagal ar fad atá ann. Léigh tríd an dá airteagal ar an sleamhnán. Ar mhaith leat aon fhocal nó aon fhrása a chur leis an liosta focal atá agat faoin bhfocal 'comhionannas'?

* **Clliceáil** chun beochan a sheinm sna 3 phointe i ndiaidh a chéile faoi ‘comhionannas’, agus léigh gach pointe amach os ard.

Sleamhnán 6: Gníomhaíocht 1 (Comhionannas do Chách) (2 bheochan ag * Clliceáil)

Sa mhatamaitic, úsáidimid an comhartha ‘cothrom le’ (=) chun a thaispeáint go bhfuil an luach ar thaobh amháin den chomhartha mar an gcéanna leis an luach ar an taobh eile. Mar shampla, $3 \times 4 = 12$ nó $20 / 5 = 4$.

I mbeirteanna, tarraing pictiúr go tapa ina bhfuil an comhartha ‘cothrom le’ agus ina léirítear an smaoineamh ‘Comhionannas do Chách’.

Bailigh aiseolas ó chuid de na daltaí.

Is féidir smaoineamh ar an bhfrása ‘Comhionannas do Chách’ ar roinnt bealaí:

- *Tá an ceart ag gach duine, is cuma cá bhfuil cónaí orthu, cé hiad féin nó céard atá acu, go gcuirfí san áireamh iad agus go gcaithfí leo go cóir cothrom.*

* **Clliceáil** chun beochan a sheinm in íomhá lena léirítear an pointe thuas.

- *Téann sé chun tairbhe dúinn go léir má chaitear go cothrom le gach duine. Mar shampla, má bhíonn an deis chéanna ag gach leanbh dul ar scoil agus oideachas maith a fháil, is fearr a bheidh siad in ann post maith a fháil agus aire a thabhairt dá dteaghlach.*

* **Clliceáil** chun an bheochan a sheinm i lógó na Náisiún Aontaithe.

An aithníonn aon duine an chruinneog ghorm ar an sleamhnán? Is é seo lógó na Náisiún Aontaithe. An féidir le haon duine a rá liom céard atá i gceist leis na Náisiún Aontaithe? Eagraíocht idirnáisiúnta – cosúil le club mór – atá sna Náisiún Aontaithe agus tá 193 thír ann, Éire ina measc. Le chéile, déanann na 193 thír sin cinntí faoin domhan seo againne, agus faoi conas is féidir linn go léir maireachtáil le chéile ar bhealach inbhuanaithe, leis an gcomhionannas agus faoi shíocháin.

Sleamhnán 7: Gníomhaíocht 2 (Na Spriocanna Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe) (3 bheochan ag * Clliceáil)

An bhfaca tú an íomhá seo riamh cheana? Is iad seo Spriocanna Domhanda na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe, nó na Spriocanna Domhanda mar a thugtar orthu.

* **Clliceáil** chun an chéad phointe urchair a bheochan

Plean atá sna 17 Sprioc Dhomhanda a dhear na Náisiúin Aontaithe.

* **Clliceáil** chun an dara pointe urchair a bheochan

Baineann na Spriocanna Domhanda le bheith ag obair as lámha a chéile ar mhaithe le Comhionannas do Chách. Pléann siad le rudaí amhail a bheith ábalta dul ar scoil le foghlaim agus dul chuig an dochtúir nuair a bhíonn tú tinn, go leor bia a bheith agat le hithe, go gcaitear leat go cóir agus go bhfaigheann tú íocaíocht chóir as an obair a dhéanann tú. Baineann na Spriocanna le haire a thabhairt don phláinéad freisin, mar bímid ag brath ar an bpláinéad le maireachtáil.

* **Clliceáil** chun an tríú pointe urchair a bheochan

Is spriocanna uilíocha iad na Spriocanna Domhanda. Mar sin, tá siad ann ar mhaithe le gach aon duine ar domhan, go mór mór na daoine nach gcaitear go cóir leo nó atá faoi mhíbhuntáiste – daoine nach bhfuil go leor bia maith ná uisce glan acu le maireachtáil go sláintiúil nó nach bhfuil an t-airgead acu a leanaí a chur ar scoil ná cúnamh leighis a fháil nuair is gá. Is Spriocanna uilíocha iad, agus mar sin tá ár gcuid féin le déanamh againn go léir chun iad a bhaint amach.

Ag brath ar an eolas atá ag na daltaí ar na Spriocanna Domhanda, is féidir leat an leagan do leanaí de na 17 Sprioc Dhomhanda a thaispeáint. Tá an leagan sin le fáil ar leathanach 4 d'iris Dhuaisianna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne do dhaltaí.

Sleamhnán 8: Gníomhaíocht 2 (Na Spriocanna Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe)

(gan bheochan)

Ar chuala aon duine trácht ar Malala Yousafzai roimhe seo? Céard atá ar eolas agat faoi Malala?

Is gníomhaí í Malala – duine a dhéanann beart chun athrú dearfach a bhaint amach ar domhan. Tá Malala ar son an chomhionannais inscne agus tacaíonn sí le cailíní dul ar scoil agus fanacht ar scoil.

Féachaimis ar fhíseán faoi na Spriocanna Domhanda agus is í Malala a chuireann tús leis an bhfíseán. Agus tú ag féachaint ar an bhfíseán, ní mór duit an freagra a aimsiú ar cheann amháin de na ceisteanna ar an sleamhnán.

Clliceáil ar an íomhá ar an sleamhnán chun an físeán (6.19 nóiméad) a sheinm (tá sé ar fáil freisin ar <https://youtu.be/fpjlU2446PY> (leagan Gaeilge) nó ar <https://www.youtube.com/watch?v=p2hyORs83EE> (leagan Béarla).

Bailigh aiseolas ó chuid de na daltaí le haghaidh gach ceann de na 3 cheist.

Freagraí:

1. Faoi dhó.
2. An bhochtaineacht, cúram sláinte, oideachas, agus inscne.
3. Seasamh le daoine nach bhfaigheann cothrom na Féinne; meas a bheith againn ar chearta daonna a chéile; aire a thabhairt dá chéile; an méid a tháirgimid a chomhroinnt go cothrom agus go hinbhuanaithe.

Céard a d'fhoghlaim tú ón bhfiseán seo faoin ngaol idir Comhionannas do Chách agus na Spriocanna Domhanda? An aontaíonn tú leis seo: Comhionannas do Chách = Spriocanna Domhanda?

Sleamhnán 9: Gníomhaíocht 3 (Gníomhaithe Spriocanna Domhanda)

Beimid páirteach i nDuaiseanna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne.

Beidh na saothair bunaithe ar 'Comhionannas do Chách', téama na nDuaiseanna 2023, ar na Spriocanna Domhanda go ginearálta agus/nó ar obair Chúnamh Éireann i dtíortha éagsúla.

Is féidir saothar a chur isteach i bhformáid ar bith. Mar sin, is féidir linn gearrscéalta, dánta, suirbhéanna, fiseán de thaibhiú, póstaeir, nó rud éigin eile a chur isteach. Mar sin, téigí i mbun machnaimh!

Is féidir linn cibé am atá ag teastáil a ghlacadh chun ár saothar a chumadh, agus is féidir linn roinnt saothair éagsúla a chur isteach.

*Bronnfar deimhniú rannpháirtíochta orainn as saothar a chur isteach. B'fhéidir go bhfoilseofaí saothar linn in eagrán de **Gníomhaithe Spriocanna Domhanda, na hirisí ar líne a bhíonn á scríobh ag leanaí do leanaí**. Tabharfar cuireadh do na múinteoirí/daltaí a chum na saothair is fearr teacht chuig na Gradaim Náisiúnta agus foilseofar a saothar in **Bliainiris Gníomhaithe Spriocanna Domhanda** i mí an Mheithimh 2023. Beidh an bhliainiris ar fáil ar líne agus mar iatán i nuachtán náisiúnta. Bronnfar cóip de Bliainiris Gníomhaithe Spriocanna Domhanda ar gach buaiteoir mar aon le plaic nó corn don scoil.*

Féach www.ourworldirishaidawards.ie chun tuilleadh faisnéise a fháil mar aon le sonraí faoi iontrálacha a chur isteach ar Dhuaiséanna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne

Sleamhnán 10: Machnamh ar an bhfoghlaim (4 bheochan ag * Clíceáil – 3 cinn i ndiaidh a chéile ar an dara clíceáil)

Glacaimis cúpla nóiméad chun smaoineamh ar an méid a d'fhoghlaimíomar sa cheacht seo.

Samhlaigh go bhfuil tú ag imirt cispheile.

Faoi mar a léirítear ar an scáileán na rudaí go léir a bhí le foghlaim sa cheacht seo, ba cheart duit na rudaí seo a mhímeáil:

- An ciseán buaiteach a fháil sa chluiche – má tá tú sásta le do chuid foghlama*

*** Clíceáil** chun beochan a sheimn den liathróid ag dul isteach sa chiseán lena bhfuil i gceist agat a léiriú

- An liathróid a dhruibleáil – má tá beagán tacaíocht bhreise ag teastáil uait leis na rudaí ar an gclár*

*** Clíceáil** chun beochan a sheimn i ngach ceann de na spriocanna foghlama don cheacht seo, agus léigh amach os ard iad nuair a thaispeántar iad.

Féach cé na daltaí a bhfuil tacaíocht bhreise ag teastáil uathu.

Tá sár-obair déanta agaibh, agus is Gníomhaithe Spriocanna Domhanda den chéad scoth sibh go léir.

SPRIOCDHÁTA D'IONTRÁLACHA LUATHA:

Dé Luain, 13 Feabhra 2023

Beidh deis ag iontrálacha a fhaightear ó scoileanna faoin 13 Feabhra 2023 bosca d'ábhair ealaíne inbhuanaithe a bhuachan.

SPRIOCDHÁTA DEIRIDH:

Dé hAoine, 31 Márta 2023

Líon isteach Foirm Iontrála (tá an fhoirm le fáil sa phacáiste eolais do mhúinteoirí nó is féidir í a íoslódáil ónár láithreán gréasáin) agus seol isteach an saothar ar ríomhphost chuig ourworld@realnation.ie nó sa phost chuig:

Duaiseanna Chúnamh Éireann:

An Domhan Seo Againne

Real Nation

24 Cé Árann, Baile Átha Cliath 7

D07 W620

Tá faisnéis bhreise le fáil ar www.ourworldirishaidawards.ie

Is féidir ríomhphost a sheoladh chuig an oifig tionscadail nó glaoch orainn má bhíonn ceist ar bith agat faoi Dhuaisanna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne, nó faoi shaothair a chur isteach:

Ríomhphost: ourworld@realnation.ie / **Fón:** 01 522 4834

Ba bhreá linn scéala a fháil uait ar conas atá ag éirí leat leis na hábhair churaclaim agus leis na saothair a bheidh á gcur isteach do na Duaiseanna. Is féidir bhur n-aistear Dhuaiseanna Chúnaimh Éireann: An Domhan Seo Againne, 2022, a chomhroinnt linn **@Irish_Aid / @ourworldirishaidawards** ar na meáin shóisialta leis an haischlib **#ourworldawards**

AN RAIBH A FHIOS AGAT?

Tá acmhainní breise Chúnaimh Éireann le fáil do dhaltaí bunscoile:
<https://www.irishaid.ie/teaching-and-learning/primary/>

Sleamhnán 11: Smaoineamh faoi iontráil ar na Duaiseanna (1 bheochan amháin ag *

Clliceáil)

Is é 2030 an bhliain inar mhaith leis na Náisiúin Aontaithe na Spriocanna Domhanda a bhaint amach. Scríobhaimis cárta poist ó 2030 do dhuine atá ag maireachtáil sa bhliain 2023.

*** Clliceáil** chun an comhaireamh síos ó 2030 go 2023 a bheochan.

Is féidir an cárta poist a sheoladh chugat féin (nuair a bhí tú níos óige), chuig duine eile, eagraíocht neamhrialtasach, rialtas (nó cuid de rialtas, amhail Cúnaimh Éireann), nó eagraíocht idirnáisiúnta (amhail na Náisiúin Aontaithe).

Abair cúpla rud faoin saol in 2030 nuair a bheidh na Spriocanna Domhanda go léir bainte amach, agus comhroinn do smaointe faoi na rudaí is féidir le daoine óga a dhéanamh in 2023 chun na Spriocanna a bhaint amach. Is féidir leat stampa 2030 a dhearadh agus pictiúr a tharraingt den Sprioc Dhomhanda nó de na Spriocanna Domhanda is mó a bhaineann leis an téacs ar an gcárta poist.

*Iarr ar do mhúinteoir do chárta poist a sheoladh chugainn (sonraí iontrála le fáil ar www.ourworldirishaidawards.ie). Ní bheadh a fhios agat – seans go bhfoilseofaí saothar leat in eagrán de **Gníomhaithe Spriocanna Domhanda, iris a bhíonn á scríobh ag leanaí do leanaí**, in 2023.*
